AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.11.2023
COM(2023) 721 final

2023/0407 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2283 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá gá le taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí nach leor a dtáirgeacht san Aontas chun freastal ar riachtanais thionscal an úsáideora san Aontas ar feadh tréimhse chuóta áirithe. Ba cheart taraif-chuótaí an Aontais a oscailt ag rátaí nialasacha dleachta nó ag rátaí laghdaithe dleachta le haghaidh méideanna iomchuí, gan na margaí le haghaidh táirgí den sórt sin a shuaitheadh.

An 20 Nollaig 2021 ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh Rialachán (AE) 2021/2283[1] lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena ndéantar foráil maidir leis an mbainistiú sin chun go bhféadfaí freastal ar éileamh an Aontais le haghaidh na dtáirgí i gceist faoi na coinníollacha is fabhraí.

Déantar an Rialachán a thabhairt cothrom le dáta gach sé mhí chun freastal ar riachtanais thionscal an Aontais.

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún, le cúnamh ó Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha, ar gach iarraidh ó na Ballstáit ar dhleachtanna ar tharaif-chuótaí uathrialaitheacha.

Tar éis an athbhreithnithe sin, measann an Coimisiún go bhfuil bonn cirt le taraif-chuótaí uathrialaitheacha a oscailt i gcás táirge áirithe, ar táirge é nach liostaítear faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle. Maidir le sé tháirge eile, bhí gá le méadú ar mhéid an chuóta tosaigh. I gcás táirge amháin, ba cheart síneadh a chur le tréimhse an chuóta, agus ba cheart méid an chuóta a oiriúnú ar bhonn bliantúil toisc gur osclaíodh an taraif-chuóta ar feadh tréimhse 6 mhí. Táirge a bhfuil taraif-chuóta ag gabháil leis nach bhfuil chun leas eacnamaíoch an Aontais a thuilleadh, ba cheart é a aistarraingt.

Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, moltar leagan comhdhlúite den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle a fhoilsiú, Iarscríbhinn a chuirfear in ionad na hIarscríbhinne roimhe sin ina hiomláine.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Níl tionchar ag an togra seo ar thíortha a bhfuil comhaontú um thrádáil fhabhrach acu leis an Aontas ná ar thíortha is iarrthóirí nó ar iarrthóirí ionchasacha i ndáil le comhaontuithe fabhracha leis an Aontas (e.g. Córas Ginearálaithe um Fhabhair; an córas grúp-thrádála san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin; Comhaontuithe Saorthrádála).

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra i gcomhréir le beartais an Aontais maidir leis an talmhaíocht, an trádáil, an fhiontraíocht, an fhorbairt, an comhshaol agus an caidreamh seachtrach.

---

[1] IO L 458, 22.12.2021, lch. 33

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Mar a shonraítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha, tá na bearta atá beartaithe i gcomhréir leis na prionsabail maidir le nósanna imeachta a shimpliú le haghaidh oibreoirí atá i mbun trádáil eachtrach[2]. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a shaothraítear a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

- **An rogha ionstraime**

De bhua Airteagal 31 de CFAE, ‘Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, dleachtanna na Comhtharaife Custaim a shocrú’. Dá bhrí sin, Rialachán ón gComhairle an ionstraim iomchuí sa chás seo.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Bhí an scéim um tharaif-chuótaí uathrialaitheacha ina cuid de staidéar meastóireachta maidir le fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha a rinneadh in 2013[3].

Is amhlaidh atá toisc go bhfuil an dá bheart comhchosúil le chéile, ach amháin go gcuirtear teorainn le méideanna allmhairí mar gheall ar tharaif-chuótaí uathrialaitheacha, agus go gceadaítear le fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha tarscaoileadh iomlán nó páirteach na ngnáthdhleachtanna is infheidhme maidir le hearraí áirithe a allmhairítear isteach san Aontas ar chainníocht neamhtheoranta. Ba é ba chonclúid don mheastóireacht go bhfuil an bhunréasúnaíocht atá ann i leith na scéime fós bailí. An coigilteas costais le haghaidh ghnólachtaí an Aontais a allmhairíonn earraí faoin scéim, d’fhéadfadh sé a bheith mór. Ar an mbonn céanna, d’fhéadfadh tairbhí níos ginearálta a bheith leis na coigiltis sin, de réir an táirge, na cuideachta agus na hearnála, amhail borradh a chur faoin iomaíochas, modhanna táirgthe a dhéanamh níos éifeachtúla agus poist a chruthú nó a choimeád san Aontas. Is féidir teacht ar na mionsonraí maidir le coigiltis an rialacháin seo i bpointe 4 agus sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis seo.

---
2 IO C 363, 13.12.2011, lch. 6.
3 https://taxation-customs.ec.europa.eu/system/files/2016-09/evaluation_suspensions_duties.pdf

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha, grúpa atá comhdhéanta de thoscaireachtaí ó gach Ballstát agus ón Tuirc, thug sé cúnamh don Choimisiún chun an togra seo a ullmhú.

Rinne Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha measúnú cúramach ar gach iarraidh (iarraidh nua nó iarraidh le haghaidh leasaithe). Rinne sé scrúdú faoi leith ar gach cás chun a áirithiú nach raibh aon dochar á dhéanamh do tháirgeoirí an Aontais agus go raibh iomaíochas táirgthe an Aontais á neartú agus á dhaingniú mar gheall air. Is trí bhíthin plé a rinne baill Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha an measúnú, agus chuaigh na Ballstáit i gcomhairle leis na tionscail, leis na comhlachais, leis na comhlachais tráchtála agus leis na páirtithe leasmhara rannpháirteacha eile lena mbaineann.

Na taraif-chuótaí uile a liostaítear, socraíodh iad ar bhonn comhaontuithe nó comhréitithe a baineadh amach le linn plé a rinneadh ag Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha. Níor sainaithníodh aon riosca tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith ann agus a mbeadh iarmhairtí do-athraithe aige.

- **Measúnú tionchair**

Is leasú de chineál teicniúil amháin é an leasú atá beartaithe, agus ní bhaineann sé ach le cumhdach na dtaraif-chuótaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2021/2283. Ní dhearnadh measúnú tionchair toisc nach bhfuil coinne leis go mbeidh tionchar suntasach ag na hathruithe atá beartaithe a dhéanamh ar an liosta táirgí a thairbheodh de chuótaí uathrialaitheacha na ndleachtanna Comhtharaife Custaim.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra ar chearta bhunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam. Tá táirge nua amháin san iarscríbhinn. Déantar na dleachtanna neamhbhailithe a chomhfhreagraíonn don taraif-chuóta uathrialaitheach a ríomh ar bhonn réamh-mheastacháin an Bhallstáit iarrthaigh le haghaidh 2024. De bharr go ndearnadh cuóta a scriosadh, áfach, agus gur tugadh na taraifí isteach athuair, meastar go raibh farasbarr EUR 3,3 milliún de bharr a thionchair sin ar bhailiú dleachtanna custaim. Is fiú EUR 2,5 milliún in aghaidh na bliana an éifeacht dhearfach foriomlán ar acmhainní dílse traidisiúnta bhuiséad an Aontas Eorpaigh (75 % den iomlán). Leis an ráiteas airgeadais reachtach, leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe impleachtaí buiséadacha an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Na bearta atá beartaithe, tá siad á mbainistiú laistigh de chreat Tharaif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh 'TARIC' (tá siad comhtháite in TARIC agus á mbainistiú ag bunachar sonraí QUOTA) agus tá siad á gcur i bhfeidhm ag riaracháin chustaim na mBallstát.

2023/0407 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2283 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun soláthar leordhóthanach gan bhriseadh a áirithiú i gcás táirgí áirithe talmhaíochta agus tionsclaíocha nach dtáirgtear cainníocht leordhóthanach díobh san Aontas agus, dá bhrí sin, chun aon suaitheadh sa mhargadh le haghaidh na dtáirgí sin a sheachaint, osclaíodh taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais ('cuótaí') le Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle[1]. Laistigh de na cuótaí sin, féadfar táirgí a allmhairiú isteach san Aontas ag rátaí laghdaithe dleachta nó ag rátaí nialasacha dleachta.

(2) Ó tharla gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach táirge tionsclaíoch áirithe a áirithiú, agus ós rud é nach ndéantar cainníochtaí leordhóthanacha de tháirge comhionann, coibhéiseach ná ionadach a tháirgeadh laistigh den Aontas, is gá cuóta nua a oscailt a bhfuil an uimhir ordaithe 09.2558 ag gabháil leis ag ráta nialasach dleachta le haghaidh cainníocht iomchuí an táirge sin.

(3) Ó tharla gur chun leas an Aontais é soláthar leordhóthanach táirgí tionsclaíocha áirithe a áirithiú ba cheart méadú a dhéanamh ar mhéideanna na gcuótaí faoi na sraithuimhreacha 09.2828 agus 09.2855.

(4) Ó tharla gur méadaíodh acmhainneacht táirgeachta an Aontais i dtaca le táirgí tionsclaíocha áirithe, ba cheart laghdú a dhéanamh ar mhéideanna na gcuótaí a bhfuil na huimhreacha ordaithe 09.2561, 09.2575, 09.2583, 09.2682, 09.2742 agus 09.2857 ag gabháil leo.

(5) I gcás cuóta a bhfuil an uimhir ordaithe 09.2562 ag gabháil leis, ba cheart síneadh ama a chur le tréimhse an chuóta agus ba cheart méid an chuóta a mhodhnú ar bhonn bliantúil de bharr nach raibh an cuóta ar oscailt ach ar feadh tréimhse 6 mhí agus go bhfuil sé fós chun leas an Aontais é a choinneáil ar bun.

[1] Rialachán (AE) 2021/2283 ón gComhairle an 20 Nollaig 2021 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 (IO L 458, 22.12.2021, lch. 33).

(6) Ós rud é nach chun leas an Aontais a thuilleadh é an cuóta a bhfuil an uimhir ordaithe 09.2681 ag gabháil leis a choinneáil ar bun, ba cheart iad a dhúnadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

(7) Agus na leasuithe atá le déanamh á gcur san áireamh agus ar mhaithe leis an tsoiléireacht, ba cheart iarscríbhinn eile a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2283.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/2283 a leasú dá réir.

(9) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na gcuótaí agus chun na treoirlínte a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 a bhaineann le fionraíochtaí agus cuótaí taraifí uathrialaitheacha a chomhlíonadh[2], ba cheart na hathruithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo maidir leis na cuótaí le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024. Ba cheart, dá bhrí sin, an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2283.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[2] IO C 363, 13.12.2011, lch. 6.

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

**1. AINM AN TOGRA:**

Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2021/2283 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

**2. LÍNTE BUISÉID:**

Caibidil agus Airteagal: Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana 2024: EUR 24 620 400 000

**3. TIONCHAR AIRGEADAIS**

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag Togra X seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam - is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid | Ioncam | Tréimhse 12 mhí dar tús ll/mm/bbbb | [Bliain: 2024] |
| Airteagal 120 | *Tionchar ar acmhainní dílse* | 01/01/2024 | + 2,5 |

Tá táirge nua amháin san iarscríbhinn. Na dleachtanna neamhbhailithe a chomhfhreagraíonn do na taraif-chuótaí sin, arna ríomh ar bhonn réamh-mheastacháin an Bhallstáit iarrthaigh le haghaidh 2024, is fiú EUR 15 723 in aghaidh na bliana iad.

Aistarraingíodh siar aon táirge ón Iarscríbhinn seo, rud a rinneadh mar gur tugadh isteach dleachtanna custaim athuair. Méadú EUR 3 345 743 in aghaidh na bliana ar an méid dleachtanna a bhailítear atá ann sin, mar a measadh ar bhonn staitisticí 2022.

Ar bhonn a bhfuil thuas, meastar gurb é EUR 15 723 - 3 345 743 = EUR 3 330 020 (an méid comhlán, lena n-áirítear costais bhailithe) x 0,75 = EUR 2 497 515 in aghaidh na bliana (glanmhéid) an tionchar dearfach a bheidh ar ioncaim do bhuiséad an Aontais a eascróidh as an Rialachán seo.

**4. BEARTA FRITHCHALAOISE**

Déanfar seiceálacha ar úsáid deiridh roinnt de na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Thairis sin, déanfaidh na Ballstáit aon rialú custaim a mheasann siad a bheith iomchuí de réir a gcuid bainistíochta riosca, dá bhforáiltear le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh.°952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.